



Uimhir 4 de 2017

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe), 2017

[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 4 de 2017

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (PIANBHREITHEANNA PRÍOSÚNACHTA
FIONRAITHE), 2017**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006
3. Forléiriú tagairtí
4. Gearrtheideal agus tosach feidhme

[Uimh. 4.] *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe)*, 2017. [2017.]

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 (Uimh. 50)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1951 (Uimh. 2)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984 (Uimh. 22)

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006 (Uimh. 26)

An tAcht um an Dlí Coiriúil, 1976 (Uimh. 32)

An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)



Uimhir 4 de 2017

**AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (PIANBHREITHEANNA
PRÍOSÚNACHTA FIONRAITHE), 2017**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006 ar shlite áirithe; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[15 Márta 2017]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Cheartas Coiriúil, 2006.

Leasú ar alt 99 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006

2. Leasaítear alt 99 d’Acht 2006—

- (a) i bhfo-alt (7), trí “, trí mheán leictreonach nó trí mheán eile,” a chur isteach i ndiaidh “cuirfidh sí faoi deara cóip den ordú a thabhairt”,
- (b) i bhfo-alt (8), trí “, trí mheán leictreonach nó trí mheán eile,” a chur isteach i ndiaidh “cuirfidh sí faoi deara cóip den ordú agus de na coinníollacha a thabhairt”,
- (c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(8A) (a) I gcás, maidir le duine lena mbaineann ordú faoi fho-alt (1)—

(i) go ndéanfaidh sé nó sí cion tar éis an t-ordú sin a dhéanamh agus le linn thréimhse fionraí na pianbhreithe lena mbaineann (dá ngairtear an ‘cion tucaide’ san alt seo), agus

(ii) faoi réir fho-alt (8B), go gciontófar sa chion tucaide é nó í,

déanfaidh an chúirt a dtionscnófar imeachtaí mar gheall ar an gcion tucaide os a comhair, tar éis pianbhreith a fhorchur mar gheall ar an gcion sin, an duine a athchur faoi choimeád nó faoi bhannaí go dtí suí den chúirt a rinne an t-ordú sin a bheidh ann—

(I) tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis an athchuir sin, nó

- (II) mura mbeidh aon suí den chúirt sin ann laistigh den tréimhse sin, go dtí an chéad suí eile den chúirt sin ina dhiaidh sin,
- agus, mura mbeidh aon suí den chúirt sin ann an lá ar go dtí é a bheidh an duine sin athchurtha, beidh sé nó sí arna athchur nó arna hathchur amhlaidh go dtí an chéad suí eile den chúirt sin a bheidh ann tar éis an lae sin.
- (b) Maidir le duine a athchur faoi choimeád nó faoi bhannaí faoi mhír (a) go dtí suí den chúirt a rinne an t-ordú áirithe faoi fho-alt (1) a bhaineann leis an duine, féadfaidh sé gur athchur é go dtí suí den chúirt sin seachas suí den chúirt sin dá dtagraítear i mír (c).
- (c) Faoi réir mhír (b), forléireofar tagairtí i mír (a) do shuí de chúirt mar thagairtí do shuí den chúirt in áit agus ag tráth a bheidh ceaptha nó socraithe, le reacht nó faoi reacht, le haghaidh suíonna den chúirt sin.
- (8B) Tá feidhm ag fo-alt (8A) maidir le duine a chiontú i gcion má thionscnaítear imeachtaí mar gheall ar an gcion i gcoinne an duine le linn thréimhse fionraí na pianbhreithe lena mbaineann de bhun an ordaithe faoi fho-alt (1) a bhaineann leis an duine agus 12 mhí ina dhiaidh sin.
- (8C) Faoi réir fho-alt (8D), déanfaidh cúirt a mbeidh duine athchurtha chuici faoi fho-alt (8A) an t-ordú áirithe faoi fho-alt (1) a chúlghairm mura measfaidh sí go mbeadh sé míchóir in imthosca uile an cháis an t-ordú sin a chúlghairm, agus i gcás go ndéanfaidh an chúirt an t-ordú sin a chúlghairm, ceanglófar ar an duine iomlán na pianbhreithe príosúnachta a d'fhorchuir an chúirt i dtosach, nó cibé cuid den phianbhreith a mheasfaidh an chúirt is cóir, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, a chur isteach, lúide aon tréimhse den phianbhreith sin a cuireadh isteach i bpríosún cheana féin agus aon tréimhse a caitheadh faoi choimeád (seachas tréimhse a chaith an duine faoi choimeád mar gheall ar an gcion tucaide) go dtí go ndéanfar an t-ordú sin a chúlghairm.
- (8D) I gcás go ndéanfaidh duine achomharc i gcoinne ciontú nó pianbhreith mar gheall ar an gcion tucaide, féadfaidh cúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (8C), ar iarratas a fháil chuige sin ón duine, na himeachtaí faoin bhfo-alt sin a chur ar atráth go ceann cibé tréimhse a mheasfaidh an chúirt is cuí chun go mbeidh ar chumas an duine sin an t-achomharc a thionscnamh agus chun go ndéanfar é a chinneadh.
- (8E) Má dhéantar achomharc, arna thionscnamh ag an duine lena mbaineann i gcoinne ciontú nó pianbhreith mar gheall ar an gcion tucaide, a tharraingt siar nó a thréigean, déanfaidh an chúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (8C), de réir an fho-ailt sin, cúlghairm an ordaithe áirithe faoi fho-alt (1) a bhreithniú.

(8F) Ar achomharc i gcoinne ciontú nó pianbhreith mar gheall ar an gcion tucaide arna thionscnamh ag an duine lena mbaineann a chinneadh—

(a) má dhéantar an t-ordú ón gcúirt ar os a comhair a tionscnaíodh imeachtaí mar gheall ar an gcion sin a fhreaschur, a mhéid a bhaineann sé leis an gciontú sa chion sin, nó má dhéantar an ciontú sa chion sin a neamhniú, déanfaidh an chúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (8C) na himeachtaí faoin bhfo-alt sin a dhíbhe, agus

(b) i ngach cás eile, déanfaidh an chúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (8C), de réir an fho-ailt sin, cúlghairm an ordaithe áirithe faoi fho-alt (1) a bhreithniú.

(8G) Nuair a dhéanfar achomharc i gcoinne ciontú nó pianbhreith mar gheall ar an gcion tucaide a tharraingt siar, a thréigean nó a chinneadh, freastalóidh an duine lena mbaineann, chun críocha fho-ailt (8E) agus (8F), os comhair na cúirte dá dtagraítear i bhfo-alt (8C) aon uair a cheanglóidh an chúirt sin air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(8H) I bhfo-ailt (8D) go (8G), aon tagairtí d'achomharc i gcoinne ciontú nó pianbhreith mar gheall ar an gcion tucaide, forléireofar iad mar thagairtí d'achomharc i gcoinne ciontú nó pianbhreith, de réir mar a bheidh, mar gheall ar an gcion sin, cibé acu ar mhodh athéisteachta nó cás sonraithe nó ar shlí eile.”,

(d) trí fho-alt (10A) a scríosadh,

(e) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (11):

“(11) (a) I gcás go ndéanfar ordú faoi fho-alt (1), a bhaineann le duine, a cúlghairm faoi fho-alt (8C), leanfaidh aon tréimhse phríosúnachta a cheanglófar ar an duine a chur isteach de thoradh na cúlghairme sin aon phianbhreith phríosúnachta (seachas pianbhreith arb é atá ann príosúnacht saoil) a forchuireadh ar an duine mar gheall ar an gcion tucaide.

(b) Ní bheidh feidhm ag mír (a) má dhéantar forghníomhú na pianbhreithe príosúnachta a forchuireadh ar an duine mar gheall ar an gcion tucaide a fhionraí go hiomlán faoi fho-alt (1).”,

(f) i bhfo-alt (13), trí “go ndearna duine lena mbaineann ordú faoi fho-alt (1) an coinníoll dá dtagraítear i bhfo-alt (2) nó coinníoll arna fhorchur faoi fho-alt (3) a shárú, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh” a chur in ionad “go ndearna duine lena mbaineann ordú faoin alt seo an coinníoll dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a shárú, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh”,

(g) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (13):

“(13A) Féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, más rud é go mbeidh forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint go

ndearna duine lena mbaineann ordú faoi fho-alt (1) coinníoll arna fhorchur faoi fho-alt (3) a shárú, iarratas a dhéanamh chun na cúirte chun dáta a shocrú maidir le hiarratas a éisteacht ar ordú chun an t-ordú faoi fho-alt (1) a chúlghairm.”,

(h) i bhfo-alt (14), trí “(3) nó” a scriosadh i ndiaidh “go ndearna duine lena mbaineann ordú faoi fho-alt (1) coinníoll arna fhorchur faoi fho-alt”,

(i) i bhfo-alt (15), trí “iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (13), (13A) nó (14) a éisteacht” a chur in ionad “iarratas dá dtagraítear i bhfo-alt (13) nó (14) a éisteacht”,

(j) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (18):

“(18A) I gcás, faoi fho-alt (8C) nó (17), go ndéanfaidh cúirt ordú faoi fho-alt (1) a chúlghairm, is ordú a bhaineann le duine, agus go gceanglófar ar an duine cuid den phianbhreith phríosúnachta a forchuireadh air nó uirthi i dtosach a chur isteach, féadfaidh an chúirt ordú breise a dhéanamh lena bhfionrófar forghníomhú na coda sin den phianbhreith phríosúnachta nach gceanglófar ar an duine a chur isteach agus measfar, chun críocha an ailt seo, maidir leis an ordú breise sin, gur ordú é a rinneadh faoi fho-alt (1) agus a bhaineann leis an duine agus beidh feidhm ag an bhfo-alt sin dá réir sin.”,

(k) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (19):

“(19A) Más rud é, i ndáil le duine, go mbeidh feidhm fho-alt (11) ar neamhréir le haon cheann de na forálacha eile maidir le pianbhreitheanna comhleanúnacha, i dtaca leis an ord ina gcuirfidh an duine iad seo a leanas isteach, eadhon—

(a) pianbhreith arb é atá ann téarma príosúnachta arna fhorchur ar an duine mar gheall ar an gcion tucaide,

(b) an tréimhse phríosúnachta a cheanglófar ar an duine a chur isteach faoi fho-alt (8C), agus

(c) pianbhreith arb é atá ann téarma príosúnachta arna fhorchur ar an duine mar gheall ar chion eile inar ciontaíodh é nó í,

féadfaidh an chúirt dá dtagraítear i bhfo-alt (8C) nó aon chúirt eile lena mbaineann an t-ord sin a chinneadh ar cibé modh a mheasfaidh sí is cóir, ar choinníoll, maidir leis na pianbhreitheanna príosúnachta dá dtagraítear i míreanna (a) agus (c) agus leis an tréimhse phríosúnachta dá dtagraítear i mír (b), go leanfaidh siad a chéile.

(19B) I gcás go gciontóidh an Chúirt Dúiche duine sa chion tucaide agus go ndéanfaidh an Chúirt Dúiche ordú faoi fho-alt (1) a bhaineann leis an duine a chúlghairm faoi fho-alt (8C), ní faide ná 2 bhliain a gcomhiomlán seo a leanas—

- (a) pianbhreith arb é atá ann téarma príosúnachta arna fhorchur ar an duine mar gheall ar an gcion tucaide,
- (b) an tréimhse phríosúnachta a cheanglófar ar an duine a chur isteach faoi fho-alt (8C), agus
- (c) pianbhreith arb é atá ann téarma príosúnachta mar gheall ar aon chion eile, arna fhorchur ag an gCúirt Dúiche ar an duine, is pianbhreith a gceanglófar ina leith le haon cheann de na forálacha eile maidir le pianbhreitheanna comhleanúnacha go leanfaidh sí an phianbhreith phríosúnachta dá dtagraítear i mír (a) nó an tréimhse phríosúnachta dá dtagraítear i mír (b) nó *vice versa*.”,

agus

(l) trí na fo-ailt seo a leanas a chur leis:

“(21) I gcás—

- (a) faoi fho-alt (8C), go ndéanfar ordú faoi fho-alt (1) a bhaineann le duine a chúlghairm agus go gceanglófar ar an duine cuid den phianbhreith phríosúnachta a forchuireadh air nó uirthi faoin bhfo-alt sin i dtosach a chur isteach, agus
- (b) go ndéanfaidh cúirt pianbhreith a fhorchur ar an duine, arb é atá ann téarma príosúnachta, a leanfaidh an phianbhreith phríosúnachta dá dtagraítear i mír (a),

tosóidh an phianbhreith phríosúnachta dá dtagraítear i mír (b) ar dhul in éag don tréimhse phríosúnachta a cheanglófar ar an duine faoi fho-alt (8C) a chur isteach agus dá dtagraítear i mír (a).

(22) I gcás go ndéanfaidh cúirt ordú faoi fho-alt (1) ar achomharc ó chúirt eile, déanfar—

- (a) an tagairt i bhfo-alt (8A) don chúirt a rinne an t-ordú faoi fho-alt (1),
- (b) na tagairtí i bhfo-ailt (8C), (8D), (8G), (13) go (17), (18A) agus (19A) don chúirt a fhéadfaidh dlínse a fheidhmiú faoi gach ceann de na fo-ailt sin, agus
- (c) an tagairt i bhfo-alt (12) don chúirt a rinne an t-ordú faoi fho-alt (1) a chúlghairm,

a fhorléiriú mar thagairtí don chúirt ar i gcoinne a hordaithe nó a breithe a rinneadh an t-achomharc.

(23) San alt seo, ciallaíonn ‘forálacha eile maidir le pianbhreitheanna comhleanúnacha’—

- (a) alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951,

- (b) alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil, 1976,
- (c) alt 11 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1984,
- (d) alt 54A den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, agus
- (e) aon achtachán eile lena gceanglaítear ar chúirt nó lena gceadaítear do chúirt pianbhreith chomhleanúnach a fhorchur.”.

Forléiriú tagairtí

3. Aon tagairt in aon achtachán, de réir bhrí an Achta Léiriúcháin, 2005—

- (a) d’fho-alt (9) d’alt 99 d’Acht 2006, forléireofar í mar thagairt d’fho-ailt (8A) agus (8B) (a chuirtear isteach le *halt 2(c)*) den alt sin 99, agus
- (b) d’fho-alt (10) d’alt 99 d’Acht 2006, forléireofar í mar thagairt d’fho-alt (8C) (a chuirtear isteach le *halt 2(c)*) den alt sin 99.


Gearrtheideal agus tosach feidhme

- 4. (1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Pianbhreitheanna Príosúnachta Fionraithe), 2017 a ghairm den Acht seo.
- (2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27



978-1-4064-6176-3